Teastas Eorpach na Gaeilge

Scrúdú Bhonnleibhéal 2

2005-2010

Tuairisc ar an scrúdú

Ionad na dTeangacha,

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Cúlra
Is é atá i dTeastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ná córas scrúdaithe d'fhoghlaimeoirí fásta. Tá sé ceangailte leis an *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú* (Comhairle na hEorpa, 2001). Forbraíodh an córas mar áis d'fhoghlaimeoirí fásta a bhfuil cáilíocht aitheanta sa Ghaeilge de dhíth orthu.
Cuireadh Scrúdú Bhonnleibhéal 2 ar siúl den chéad uair i mí na Bealtaine 2005. Tá an scrúdú bunaithe ar shiollabas cuimsitheach atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin http://www.teg.ie/pdf/A2_syll.pdf. Is féidir teacht ar shonraí an scrúdaithe ar an suíomh Gréasáin, chomh maith le páipéar samplach agus eolas eile d'iarrthóirí. Tá ábhar teagaisc samplach le fáil ar an suíomh chomh maith.

An siollabas
Tá siollabas Scrúdú Bhonnleibhéal 2 bunaithe ar an teanga a fhoghlaim tríd an mhodh cumarsáideach agus tá topaicí ginearálta, feidhmeanna teanga agus míreanna gramadaí agus foclóireachta i gceist freisin. Leagtar amach aidhmeanna an tsiollabais maidir leis na ceithre scil teanga (labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht) le ráitis ‘Beidh an foghlaimeoir ábalta …’. Toisc trí mhórchanúint a bheith sa Ghaeilge, tugtar eolas faoin mhéid is cóir d'fhoghlaimeoirí a thuiscint fúthu i.e. cad ba chóir dóibh bheith in ann a aithint agus a ghiniúint. Tá a fhios againn anois go bhfuil tábhacht faoi leith leis an fheasacht teanga sa phróiseas foghlama. Toisc an Béarla a bheith mar mháthairtheanga ag formhór fhoghlaimeoirí na Gaeilge, caithfear na difríochtaí san fhuaimniú a chur i dtuiscint dóibh (e.g. tá beagnach a dhá oiread fuaimeanna consan sa Ghaeilge agus atá sa Bhéarla) chomh maith leis an difríocht idir struchtúr na habairte sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Tá eolas faoi na gnéithe seo go léir den teanga sa siollabas.

Líon na n-iarrthóirí
Tugtar sa tábla thíos líon na n-iarrthóirí a thug faoi Scrúdú Bhonnleibhéal 2 ón uair a bunaíodh é sa bhliain 2005.

Bliain	**2005**	**2006**	**2007**	**2008**	**2009**	**2010**
Líon na n-iarrthóirí	14	57	80	132	144	142

Aiseolas ó na hiarrthóirí
Tugtar cuireadh do na hiarrthóirí go léir, gach bliain, aiseolas a thabhairt d'Ionad na dTeangacha faoi cibé scrúdú a rinne siad. Iarrtar orthu ceistneoir a líonadh agus a dtuairim a thabhairt faoi riar an scrúdaithe agus faoi ábhar agus leagan amach an scrúdaithe. Is aiseolas fíorluachmhar é seo agus cabhraíonn sé le hIonad na dTeangacha feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar chóras scrúdaithe Theastas Eorpach na Gaeilge.

Cuntas gairid ar na hiarrthóirí
Bailítear eolas faoi na hiarrthóirí ó na foirmeacha iarratais gach bliain. Leasaíodh agus athraíodh an fhoirm iarratais d'fhonn sonraí a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, sonraí a chuirtear san áireamh agus scrúduithe á gcur le chéile agus anailís á déanamh ar thorthaí na scrúduithe. Seo thíos saintréithe iarrthóirí na bliana 2010. Tugtar torthaí 2009 i lúibíní chomh maith.

Aois, inscne agus náisiúntacht na n-iarrthóirí

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Mná ba ea thart ar 63% de na hiarrthóirí sa bhliain 2010 (77% i 2009). Bhí thart ar 44% de na hiarrthóirí san aoisghrúpa 26-45 sa bhliain 2010. Ba san aoisghrúpa 46-64 a bhí an dara grúpa ba mhó d'iarrthóirí beagnach 34% i 2010. Mar a bheifí ag súil leis, Éireannaigh ba ea formhór mór na n-iarrthóirí 76% i 2010 (96% sa bhliain 2009). Meiriceánaigh a bhí i mbeagnach 10% de na hiarrthóirí, Francaigh 6% agus Sasanaigh 5%.

Cuntas gairid ar phróifíl oibre na n-iarrthóirí

Tá na torthaí a léirítear sa tábla thíos maidir le próifíl oibre na n-iarrthóirí sa bhliain 2010. Tugtar torthaí na bliana 2009 idir lúibíní.

Próifíl oibre na n-iarrthóirí	***Céatadán***
Mac léinn	13.39% (10.5%)
Ag obair	71.83% (80.4%)
Éirithe as	3.52% (3.5%)
Dífhostaithe	4.92% (1.4%)
Fear tí / bean tí	3.52% (4.2%)

An fáth ar thug na hiarrthóirí faoin scrúdú

Lorgaíodh eolas ó na hiarrthóirí maidir leis na cúiseanna ar thug siad faoi Scrúdú Bhonnleibhéal 2. Thug go leor de na hiarrthóirí níos mó ná cúis amháin. Tá torthaí na bliana 2010 agus torthaí 2009 idir lúibíní.

Na cúiseanna a ndearna iarrthóirí an scrúdú	***Céatadán***
Chun cabhrú liom dul chun cinn i mo phost	26.06% (33.6%)
Ar éileamh m'fhostóra	3.52% (3.5%)
Chun cabhrú le hoideachas mo pháistí	16.9% (23.8%)
Ar chúiseanna pearsanta	60.56% (56.6%)
Ar chúiseanna eile	14.79% (16.1%)

Eolas na n-iarrthóirí ar an Ghaeilge

Cuireadh ceist ar na hiarrthóirí faoin staidéar a bhí déanta acu ar an teanga sa chóras oideachais in Éirinn agus léirítear torthaí na bliana 2010 sa tábla thíos. Tá torthaí 2009 idir lúibíní.

Cén leibhéal is airde teagaisc a fuair tú sa Ghaeilge sa chóras oideachais?	***Céatadán***
Ní dhearna mé Gaeilge ar scoil	18.31% (4.9%)
Bunscoil	1.41% (2.8%)
Meánscoil	73.23% (91.6%)
3ú leibhéal	4.23% (0.7%)

Ar an chéad léamh, is díol suntais an líon ard a raibh staidéar déanta acu ar an Ghaeilge ar an mheánscoil. Is léir, mar sin féin, go raibh an córas oideachais fágtha le tamall maith ag a lán de na hiarrthóirí faoin am a ndearna siad Scrúdú Bhonnleibhéal 2. Uaireanta, bíonn na hiarrthóirí sin (a bhfuil an scoil fágtha le tamall acu) éiginnte nó mímhuiníneach faoina gcumas sa teanga agus gach seans go roghnaíonn siad an scrúdú áirithe seo chun barúil a fháil

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

faoin leibhéal teanga atá acu. Tá sé spéisiúil go ndúirt breis agus 4% de na hiarrthóirí go raibh staidéar déanta acu ar an Ghaeilge ag an tríú leibhéal.

Ó d'fhág tú an córas oideachais (scoil/ollscoil) cé mhéad bliain atá caite agat ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge?*	***Céatadán***
Níos lú ná bliain amháin	68.18% (61.5%)
1-2 bhliain	10.61% (14.0%)
3-5 bliana	6.06% (4.9%)
6-8 mbliana	0.7% (0.7%)
8 mbliana +	6/06% (7.7%)

* Níor fhreagair gach iarrthóir an cheist áirithe seo.

Na hionaid scrúdaithe
Sna blianta 2005 agus 2006, is in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad amháin a reáchtáladh na scrúduithe. Toisc an t-éileamh a bheith ag méadú, áfach, cuireadh le líon na n-ionad scrúdaithe ó shin agus faoi láthair reáchtáiltear scrúduithe Bhonnleibhéal 2 sna hionaid seo a leanas (ag brath ar an éileamh):

- Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
- An Spidéal, Co. na Gaillimhe
- Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
- Leitir Ceanainn
- Caisleán an Bharraigh
- Luimneach
- Corcaigh
- Cill Chainnigh
- Béal Feirste
- Ollscoil Charles, Prág
- Centre Culturel Irlandais, Páras
- Ollscoil Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac

An scrúdú
Is mar seo a leanas a roinntear na marcanna i Scrúdú Bhonnleibhéal 2:

- Labhairt 35%
- Cluastuiscint 25%
- Léamhthuiscint 25%
- Scríbhneoireacht 15%.

An grádú
Is é atá sa mharc deiridh a fhaigheann an t-iarrthóir i Scrúdú Bhonnleibhéal 2 ná comhiomlán na marcanna a fhaigheann an t-iarrthóir i ngach ceann de cheithre chomhpháirt an scrúdaithe

(labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht). Ní éilítear pasmharc íosta sna comhpháirteanna féin.

Seo a leanas, sa tábla, an grádú a dhéanfar ar na marcanna sa scrúdú.

Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)	
80 - 100%	Pas le gradam
65 - 79%	Pas le tuillteanas
50 - 64%	Pas
0 - 49%	Teip

Na gráid a bronnadh sa bhliain 2010
Seo a leanas, sa tabla thíos, briseadh síos ar na gráid a bronnadh ar na hiarrthóirí a rinne Scrúdú Bhonnleibhéal 2 sa bhliain 2010.

Grád	Céatadán na n-iarrthóirí
Pas le gradam	17.61%
Pas le tuillteanas	30.28%
Pas	35.21%
Teip	16.90%*

* Ní raibh ach grúpa de 10 daltaí meánscoile istigh ar Scrúdú Bonnleibhéal 2 i 2010 agus ní raibh aon difríocht suntasach idir an ráta teipthe sa ghrúpa sin agus an ráta teipthe i measc na n-iarrthóirí ar fad a rinne an scrúdú seo.

Scrúdú sa chluastuiscint, léamhthuiscint agus sa scríbhneoireacht (2 uair an chloig ar fad)

An scrúdú cluastuisceana
Is é an scrúdú cluastuisceana an chéad chuid den scrúdú. Tugtar cúig nóiméad d'iarrthóirí chun na ceisteanna sa chuid seo a léamh sula seinntear na míreanna éisteachta. Maireann an chuid seo den scrúdú timpeall 25 nóiméad san iomlán. Léirítear an leagan amach a bhíonn ar an scrúdú cluastuisceana sa tábla thíos.

Ceist	Líon na míreanna	An cineál téacs	Formáid na bhfreagraí	An líon marcanna	Fócas an taisc
1	6	Trí fhógra ghearra	Freagra gearr (focal amháin, uimhir nó frása)	12 mharc	Ag éisteacht chun eolas simplí fíorasach a aimsiú (am, dáta, áit, uimhir fóin, praghsanna, srl.)
2	6	Trí chomhrá ghearra neamh-fhoirmiúla	Freagra gearr (focal amháin, uimhir nó frása)	12 mharc	Ag éisteacht chun eolas simplí fíorasach a aimsiú (am, dáta, áit, uimhir fóin, praghsanna,

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

					socruithe srl.)
3	9	Comhrá níos faide	Freagra gearr (focal amháin, uimhir nó frása) / Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	9 marc	Ag éisteacht chun eolas simplí fíorasach a aimsiú (am, dáta, áit, uimhir fóin, praghsanna, socruithe srl.)
4	6	Comhrá níos faide	Freagra ilroghnach (trí rogha: fíor/bréagach/ní deirtear)	12 mharc	Ag éisteacht chun eolas simplí fíorasach a aimsiú (am, dáta, áit, uimhir fóin, praghsanna, socruithe srl.)

An scrúdú cluastuisceana - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí
Tríd is tríd, d'éirigh go maith le hiarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana. Ba cheart, mar sin féin, díriú ar na pointí seo a leanas:

- Ba cheart d'iarrthóirí na cúig nóiméad a bhíonn acu sula gcuirtear an dlúthdhiosca ar siúl a chaitheamh ag léamh na gceisteanna go cúramach. Níor mhiste dóibh líne a chur faoi eochairfhocail agus faoi nathanna cainte sa cheist a bhfuil tábhacht leo. Gach seans go gcabhróidh sé sin leo teacht ar an eolas atá uathu agus iad ag éisteacht leis na míreanna e.g. 'Cá bhfuil máthair Chaomháin ag dul ar saoire i mbliana?'.

- Moltar go gcaithfí dua faoi leith le múineadh agus le foghlaim na bhfoirmeacha ceisteacha sa Ghaeilge. Is léir go mbíonn fadhbanna tuisceana ag cuid de na hiarrthóirí lena leithéid seo, uaireanta – 'Cé chomh minic…?' – agus go gceapann siad gurb é atá i gceist 'Cé…(an duine)..?', go díreach.

- Tugann cuid de na hiarrthóirí cúpla freagra san áit nach mbíonn gá ach le freagra amháin. Sna cásanna seo, is minic nach mbíonn ach freagra amháin díobh ceart. Ar an ábhar sin, ní féidir aon mharc a bhronnadh ar an iarrthóir mar nach féidir a bheith cinnte gur thuig sé/sí an mhír i gceart. Mar shampla, i gcás na ceiste "Cá bhfuil máthair Chaomháin ag dul ar saoire i mbliana?", seans go luaitear sa mhír éisteachta go raibh sí san Iodáil agus i Meiriceá anuraidh agus go bhfuil sí ag dul chun na Fraince i mbliana. Ní bhronnfar aon mharc ar an iarrthóir a scríobhann "An Fhrainc agus An Iodáil". Ba chóir an freagra lom, 'An Fhrainc', a thabhairt.

- Is minic a chuireann iarrthóirí am amú ag scríobh abairtí iomlána nó ag tabhairt eolas breise nach bhfuil aon ghá leis. Mar shampla, agus iad ag freagairt na ceiste thuasluaite, ba mhinic a scríobh cuid de na hiarrthóirí rud mar seo – "Bhí sí san Iodáil agus i Meiriceá anuraidh agus tá sí ag dul chun na Fraince i mbliana". Seachnaíonn na hiarrthóirí is láidre a leithéid seo de fhreagra. Tuigeann siad nach gá eolas nach lorgaítear a sholáthar agus nach mbíonn an t-am acu chun freagraí fada a scríobh sa scrúdú cluastuisceana. Nuair a bhíonn tic le cur i mbosca (Ceist 3 agus Ceist 4) meabhraítear d'iarrthóirí gur cheart dóibh gan tic a chur ach i mbosca amháin, murab amhlaidh go gcuirtear in iúl dóibh go bhféadfadh níos mó ná freagra amháin a bheith

ann. I gcásanna mar seo, nuair nach dteastaíonn ach freagra amháin, ní bhronnfar marcanna má chuireann an t-iarrthóir tic i níos mó ná bosca amháin.

- Moltar d'iarrthóirí uimhreacha a scríobh nuair is féidir é e.g. praghas, am, dáta agus araile. Níor cheart aon am a chur amú ag scríobh na n-uimhreacha i bhfocail agus ní bhronnfar aon mharc breise as sin a dhéanamh.

- Cé gur éirigh go maith le hiarrthóirí go ginearálta sa scrúdú cluastuisceana, is léir go mbíonn cleachtadh leanúnach ag teastáil uathu chun go mbeadh siad in ann píosaí faoi leith eolais a aimsiú i míreanna éisteachta. Fiú iarrthóirí a n-éiríonn go maith leo, is cosúil go mbíonn claonadh acu, uaireanta, gan éisteacht leis an mhír ina hiomláine sula mbreacann siad síos an freagra. Mar shampla, i gceist mar "Cén post atá ag Seán anois?" gach seans go luaitear cúpla post le linn na míre ach gur ***post amháin*** acu sin atá ag Seán anois.

- Moltar do mhúinteoirí réimse leathan de théacsanna agus de thascanna éisteachta a úsáid chun cabhrú le hiarrthóirí dul i dtaithí ar na canúintí éagsúla, chun cur lena stór focal agus chun straitéisí cuí a fhorbairt a chabhróidh leis an chluastuiscint.

- Cé nach ngearrtar pionós ar iarrthóirí (sa scrúdú cluastuisceana) as an litriú a bheith mícheart acu, ba cheart dóibh cúram faoi leith a dhéanamh den pheannaireacht ionas go mbeidh an méid a scríobhann siad soiléir ag an scrúdaitheoir.

An scrúdú léamhthuisceana

Tugtar nócha nóiméad d'iarrthóirí chun tabhairt faoin scrúdú léamhthuisceana agus faoin scrúdú scríbhneoireachta. Ní thugtar aon treoir maidir leis an mhéid ama atá iarrthóirí in ainm a chaitheamh ar na comhpháirteanna ná ar na tascanna éagsúla. Tugtar leagan amach agus sonraí uile an scrúdaithe léamhthuisceana sa tábla thíos.

Ceist	Líon na míreanna	An cineál téacs	Formáid na bhfreagraí	An líon marcanna	Fócas an taisc
1	6	Comhrá idir chairde/ghaolta	Meaitseáil ilroghnach (roghnaigh sé mhír as naoi gcinn)	12 mharc	Ag léamh agus ag aithint an fhreagra chuí.
2	6	Ráitis nó ceisteanna gearra; agus freagraí	Freagra ilroghnach (trí rogha)	12 mharc	Ag léamh agus ag aithint an fhreagra chuí.
3	6	Trí théacs ghearra den chineál céanna (léirmheas ar leabhar nó scannán, cur síos ar chlár teilifíse, srl.)	Freagra ilroghnach (trí rogha)	12 mharc	Ag léamh agus ag fáil miontuisceana ar an ábhar.
4	6	Alt as nuachtán/iris	Ceist ilroghnach (trí rogha:	12 mharc	Ag léamh agus ag fáil

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

			fíor/bréagach/ní deirtear)		miontuisceana ar an ábhar agus ar na príomhphointí.
5	12	Agallamh as nuachtán/iris	Triail iomlánaithe (oscailte)	12 mharc	Ag léamh agus ag roghnú na bhfocal cuí.

An scrúdú léamhthuisceana - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí
D'éirigh go measartha maith le hiarrthóirí sa rannóg áirithe seo. Is gá aird a dhíriú mar sin féin ar roinnt ceisteanna, mar a leanas:

- Maidir le Ceist 1 sa scrúdú léamhthuisceana, moltar go láidir d'iarrthóirí an comhrá a léamh roinnt uaireanta chun blaiseadh ceart a fháil den ábhar. Ansin, ba chóir dóibh gach abairt bhreise a léamh go cúramach sula ndéanann siad na bearnaí a líonadh. Meabhraítear d'iarrthóirí gur leor an litir cheart a scríobh i ngach bearna. Nuair a bhíonn an comhrá críochnaithe ag iarrthóirí níor mhiste dóibh é a léamh arís cúpla uair chun cinntiú go bhfuil ciall leis na roghanna a rinne siad.

- Má iarrtar ar iarrthóirí tic a chur i mbosca, nó rogha amháin a phiocadh as cúpla rogha (Ceist 2, Ceist 3 agus Ceist 4), níor cheart dóibh ***ach freagra amháin*** a roghnú. Ní féidir marcanna a bhronnadh má roghnaíonn iarrthóir níos mó ná rogha amháin. Más rud é go bhféadfadh níos mó ná freagra amháin a bheith ceart, cuirtear é sin in iúl go soiléir sa cheist.

- Is léir ón aischothú a fhaighimid ó iarrthóirí go mbíonn barraíocht imní orthu faoi chiall gach focail a thuiscint i ngach téacs léitheoireachta. Tá sé tábhachtach a chur ina luí ar iarrthóirí gur féidir úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla chun dul i ngleic le nathanna nach bhfuil ar eolas acu. Ba cheart iarracht a dhéanamh na straitéisí sin a fhí isteach sna tascanna léamhthuisceana a bhíonn ar siúl sa seomra ranga. Seo a leanas samplaí de straitéisí a d'fhéadfaí a úsáid (ag brath ar an téacs agus ar an tasc, ar ndóigh):

  - an féidir comhthéacs an téacs a úsáid chun brí an fhocail a fhuascailt?
  - más briathar atá i gceist, an féidir fréamh an bhriathair a aithint?
  - an bhfuil an focal cosúil le haon fhocal eile atá ar eolas ag an fhoghlaimeoir i dteanga ar bith eile?

  Ba cheart a mheabhrú d'iarrthóirí nár cheart an iomarca ama a chur amú ar fhocail nó ar nathanna nach féidir leo a thabhairt chun cuimhne. Tá gach seans ann go mbeidh siad in ann an cheist a fhreagairt fiú mura dtuigeann siad gach focal.

- Is í Ceist 5 sa léamhthuiscint is mó a chothaíonn deacrachtaí d'iarrthóirí sa scrúdú léamhthuisceana. Meabhraítear dóibh gur gnách gur ainmfhocal, aidiacht nó briathar a bhíonn ar lár sna bearnaí seachas réamhfhocal. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfadh iarrthóirí an téacs iomlán i gCeist 5 a léamh go cúramach sula ndéanann siad iarracht na bearnaí a líonadh. Agus iad ag líonadh na mbearnaí ba chóir dóibh an méid a thagann tar éis gach bearna a chur san áireamh chomh maith leis an mhéid a thagann rompu. ***Ní mór dóibh cuimhneamh nach nglacfar ach focal amháin i ngach bearna***. Tá tugtha faoi deara againn go mbíonn claonadh ag roinnt iarrthóirí frásaí nó fiú abairtí iomlána a scríobh. Ní féidir aon mharc a bhronnadh sa chás sin.

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

- Moltar do mhúinteoirí úsáid a bhaint as réimse leathan téacsanna agus tascanna agus iad ag ullmhú iarrthóirí don chuid seo den scrúdú. Féach, mar shampla, an t-ábhar atá le fáil ar an suíomh Gréasáin http://www.teg.ie/gaeilge/teagasc.htm.

An scrúdú scríbhneoireachta
Sa scrúdú seo déantar measúnú ar chumas na n-iarrthóirí téacsanna gearra neamhfhoirmiúla a scríobh agus ar an eolas atá acu ar bhunstruchtúir na teanga ó thaobh na gramadaí agus an stóir focal de. Tá sonraí an scrúdaithe scríbhneoireachta leagtha amach thíos.

Ceist	Líon na míreanna	An cineál téacs	Formáid na bhfreagraí	An líon marcanna	Fócas an taisc
1	1	Paragraf gearr	Tasc treoraithe bunaithe ar phictiúir.	12 mharc	Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga.
2	1	Ríomhphost nó nóta neamh-Fhoirmiúil	Tasc treoraithe bunaithe ar théama agus ar eocharfhocail	12 mharc	Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga.
3	10	Ríomhphost, litir ghearr nó nóta	Triail iomlánaithe (oscailte)	10 marc	Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga.

An scrúdú scríbhneoireachta - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí
Níor éirigh ach go measartha le cuid de na hiarrthóirí sa rannóg áirithe seo. Moltar go láidir d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí díriú ar na pointí comhairle seo thíos:

- Tá géarghá le cleachtadh leanúnach a dhéanamh ar scríobh na teanga. Agus iarrthóirí ag ullmhú don scrúdú seo, ní gá go mbeadh orthu píosaí fada scríbhneoireachta a dhéanamh. D'fhéadfaí, mar shampla, tascanna éagsúla scríbhneoireachta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí mar obair bhaile, ach tá sé tábhachtach go dtuigfidís go soiléir cad é go díreach atáthar ag iarraidh orthu a scríobh. D'fhéadfaí iarraidh orthu foirmeacha a líonadh, teachtaireachtaí ríomhphoist a léamh agus a fhreagairt, nótaí gearra a scríobh, cuntas a scríobh ar phictiúir agus araile.

- Nuair a bhíonn píosaí scríbhneoireachta na bhfoghlaimeoirí á gceartú, ní leor an leagan ceart d'fhocal nó de phointe gramadaí a chur ar fáil dóibh. Tá sé riachtanach na foghlaimeoirí a chur ag smaoineamh faoin chaoi a n-oibríonn an teanga agus faoi na botúin a dhéanann siad féin go rialta. Caithfear cabhrú le foghlaimeoirí monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin ar bhonn leanúnach agus iad ag scríobh na teanga. Cuirtear an-bhéim ar an fheasacht teanga sa siollabas agus moltar do mhúinteoirí leas a bhaint as an chomhairle atá curtha ar fáil ansin – féach an suíomh Gréasáin http://www.teg.ie/pdf/A2_syll.pdf.

- Is abairtí simplí atá de dhíth sa scrúdú scríbhneoireachta i Scrúdú Bhonnleibhéal 2. Moltar d'iarrthóirí, mar sin, na habairtí a choinneáil gearr agus gan a thabhairt ach an t-eolas a theastaíonn. Mar shampla, i gCeist 1 iarrtar ar iarrthóirí abairt nó dhá abairt a scríobh faoi gach pictiúr. Is nós le roinnt mhaith iarrthóirí neamhaird a dhéanamh den

treoir sin agus b'fhéidir cúig nó sé cinn d'abairtí a scríobh. Is mó an seans go ndéanfaidh iarrthóirí botún má scríobhann siad an iomarca nó má bhíonn siad ag iarraidh rud simplí a chur in iúl ar bhealach casta. Go hachomair, ba cheart cloí leis na treoracha faoin mhéid atá le scríobh.

- Tá sé tábhachtach chomh maith go gcloífeadh iarrthóirí le hábhar na gceisteanna. I gcás chuid de na hiarrthóirí bhí an chuma ar an píosaí scríbhneoireachta uaireanta go raibh abairtí nó píosaí foghlamtha de ghlanmheabhair acu. Ní fiú na habairtí nó na píosaí seo a úsáid mura mbaineann siad go dlúth le hábhar na ceiste.

- Maidir le Ceist 1 sa scríbhneoireacht, is sa tríú pearsa atá an cuntas le scríobh agus ní sa chéad phearsa. Uaireanta bíonn meascán den chéad agus den tríú pearsa in úsáid ag iarrthóirí.

- Ba cheart d'iarrthóirí am a thabhairt dóibh féin ag deireadh an scrúdaithe leis an mhéid atá scríofa acu a sheiceáil, agus a cheartú más gá. I measc na rudaí ar cheart dóibh breathnú orthu tá:

    - an phoncaíocht (go háirithe síntí fada agus ceannlitreacha);
    - an litriú;
    - úsáid na mbriathra agus na n-aimsirí;
    - na forainmneacha agus na réamhfhocail;
    - líon na bhfocal.

- Seo a leanas (sa liosta thíos) cur síos ar na botúin is coitianta a rinne iarrthóirí agus iad i mbun scríbhneoireachta sa scrúdú seo. Moltar do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí aird faoi leith a thabhairt ar na pointí seo thíos agus ar na botúin choitianta eile a dhéanann a gcuid foghlaimeoirí féin agus iad i mbun scríbhneoireachta:

    (1) An fleiscín in easnamh. 'Bhí mé an tuirseach ach bhí an tsaoire an deas' (Bhí mé an-tuirseach ach bhí an tsaoire an-deas).

    (2) An uaschamóg in easnamh. 'Tá sí fiche bliain daois' (… d'aois').

    (3) An séimhiú fágtha ar lár i ndiaidh 'beirt'. Tá sé seo coitianta fiú i measc na n-iarrthóirí a n-éiríonn go maith leo sa scrúdú.

    (4) Bíonn claonadh ag iarrthóirí bheith neamartach in úsáid na síntí fada. Ní hamháin go bhfágtar ar lár iad go minic, ach uaireanta bíonn na síntí fada in áiteanna difriúla ar an fhocal céanna i bpíosa amháin scríbhneoireachta. Is cuid den fheasacht teanga é iarraidh ar fhoghlaimeoirí athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar an mhéid atá scríofa acu agus a n-aird a dhíriú ar dhrochnósanna mar seo. Ní mór cuimhneamh go gcaithfidh litriú na bhfocal atá le cur sna bearnaí i gCeist 3 a bheith cruinn ceart. Is minic a aimsíonn iarrthóir an focal ceart ach go litríonn sé/sí go mícheart é. Ní féidir aon mharc a bhronnadh sa chás sin.

    (5) An aimsir láithreach den bhriathar 'taitin' litrithe go mícheart nó go míchaighdeánach e.g. 'táitnonn', 'taithníonn' (taitníonn).

    (6) Is minic a dhéanann iarrthóirí na haimsirí a mheascadh in abairtí mar seo 'Is múinteoir mé agus thaitin mo phost liom' (…agus taitníonn mo phost liom).

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

(7) Gan séimhiú a chur i ndiaidh na míre ‘ní’ san áit ar cheart séimhiú a chur e.g. ‘Ní bíonn am agam’ (Ní bhíonn am agam).

(8) Ní bhíonn na huimhreacha pearsanta ar eolas ag cuid de na hiarrthóirí agus scríobhtar rudaí ar nós ‘Bhí trí duine eile sa rang’ (Bhí triúr eile sa rang).

(9) Bíonn séimhiú ag iarrthóirí go minic tar éis ‘le’ e.g. ‘Chas mé le chara nua’ (Chas mé le cara nua).

(10) Bíonn mearbhall ar iarrthóirí go minic faoin difríocht atá idir tír (an Ghearmáin), teanga (an Ghearmáinis) agus aidiacht (bia Gearmánach).

(11) Litrítear focail áirithe mícheart go minic e.g. ‘inin/nion’ (iníon), ‘arais’ (ar ais), ‘thanig’ (tháinig) agus ‘alán’ (a lán).

(12) Is minic a bhíonn iarrthóirí measctha idir uimhir iolra na haidiachta agus breischéim/sárchéim na haidiachta e.g. ‘na daoine óige’ (na daoine óga).

(13) ‘Dé Domhnach’ in ionad ‘Dé Domhnaigh’.

(14) Ceannlitreacha in úsáid i dtús ainmfhocal d’ainneoin nach ainmfhocail dílse iad agus nach bhfuil siad ar thús na habairte.

(15) Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfadh iarrthóirí an-iarracht focail i dtéacs na gceisteanna a litriú i gceart agus iad féin á scríobh. Léiríonn botúin litrithe den chineál sin easpa cúraim sa scríbhneoireacht.

(16) Ní thuigeann cuid de na hiarrthóirí go leanann séimhiú ‘ó’ e.g. ‘ó Baile Átha Cliath’ (ó Bhaile Átha Cliath).

(17) An chéad síneadh fada fágtha ar lár san fhocal ‘cónaí’.

(18) Síneadh fada ar an aidiacht shealbhach ‘mo’ e.g. ‘mó chairde’ (mo chairde).

(19) Míthuiscint faoi úsáid na haidiachta sealbhaí ‘mo’ agus an tséimhithe. Measann iarrthóirí gur cheart go mbeadh séimhiú ar an aidiacht nó ar an fhocal cáilithe de bharr go bhfuil séimhiú ar an ainmfhocal. Is minic a scríobhtar frásaí ar nós ‘Is cuntasóir m’fhear chéile’ (Is cuntasóir m’fhear céile).

(20) Bíonn claonadh ag iarrthóirí ‘Ba mhaith liom…’ a scríobh, nuair is ‘Is maith liom …’ a bhíonn i gceist acu.

(21) Bíonn iarrthóirí measctha idir brí agus úsáid na nathanna ‘ag siúl’ agus ‘ag súil’.

(22) Is minic a chuireann iarrthóirí síneadh fada ar ‘i’ san áit nár cheart síneadh fada a chur e.g. ‘Tá mé ag obair í mbliana’.

An scrúdú cainte

Iarrthóir amháin a chuirtear faoi scrúdú ag aon am amháin. Bíonn beirt scrúdaitheoirí i láthair, duine amháin acu sin ag plé leis an iarrthóir, ag cur na gceisteanna agus ag stiúradh an chomhrá. Déantar taifeadadh ar na scrúduithe cainte ar fad d’fhonn monatóireacht a

dhéanamh agus ar mhaithe le taighde agus traenáil. Tugtar eolas thíos faoi scrúdú cainte Scrúdú Bhonnleibhéal 2.

Cuid	***An fad ama***	***An cineál taisc***	***Na feidhmeanna teanga***
1	4-5 nóiméad	Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal srl.)	Ag tabhairt eolais.
2	2-3 nóiméad	Rólghníomhaíocht: (1) Tugtar cárta don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú. Tá eochairfhocail ar an chárta a bhaineann le himeacht ar leith: ag pleanáil laethanta saoire nó ag déanamh cur síos ar dheireadh seachtaine srl. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dátaí, áiteanna, praghas, turais srl. (2) Ansin cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi imeacht atá cosúil leis an cheann atá léirithe ar an rólchárta. (Ní thugtar aon leideanna).	Ag tabhairt eolais. Ag lorg eolais. Ag léiriú tuairim shimplí.
3	2-3 nóiméad	Ag insint scéal simplí: Tugtar sraith de shé phictiúr don iarrthóir agus tá nóiméad amháin aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an mhéid atá ag tarlú sna pictiúir. Radhairc ón ghnáthshaol a léireofar iontu: ag ithe i mbialann, ag siúl sna sléibhte srl. agus eachtra éigin a tharlaíonn, goidtear mála, titeann duine agus gortaítear é/í srl.	Ag déanamh cur síos ar phictiúir agus an méid atá ag tarlú iontu.

An scrúdú cainte - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí
Go dtí seo, tá ag éirí go maith le hiarrthóirí sa rannóg seo de Scrúdú Bhonnleibhéal 2. Mar sin féin, seo thíos roinnt pointí ar cheart aird a dhíriú orthu:

- Uaireanta, tarlaíonn sé nach mbíonn iarrthóirí eolach ar leagan amach an scrúdaithe cainte. Nuair a tharlaíonn sé seo bíonn siad míshuaimhneach agus neirbhíseach agus iad i mbun na dtascanna agus ag freagairt na gceisteanna. Ba cheart go mbeadh tascanna cainte (bunaithe ar na cinn atá leagtha amach i scrúdú samplach Bhonnleibhéal 2) ina gcuid lárnach d'aon chlár teagaisc nó d'aon chúrsa ullmhúcháin don scrúdú seo. D'fhéadfadh an múinteoir tascanna a bhunú ar na cinn sa scrúdú samplach.

- Bítear ag súil le hiarrthóirí ag an leibhéal seo a bheith in ann iad féin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as abairtí simplí agus frásaí gairide a bhaineann go dlúth lena saol féin

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

(– féach siollabas Bhonnleibhéal 2). Bítear ag súil go mbeidh siad in ann an stór focal agus na struchtúir atá ar eolas acu a úsáid chun forbairt bheag a dhéanamh ar na hábhair chainte éagsúla a thagann chun cinn sa scrúdú. Féach, mar shampla, an fhorbairt a dhéanann Iarrthóir 3 thíos ar na pointí. Tuigimid, ar ndóigh, nach mbeidh caint aon iarrthóra ag an leibhéal seo saor ó locht nó ó bhotúin.

An scrúdaitheoir:	Cad a rinne tú an deireadh seachtaine seo caite?
Iarrthóir 1:	Ní dhearna mé aon rud.
Iarrthóir 2:	Ní dhearna mé faic mar bhí mé tinn.
Iarrthóir 3:	Ní dhearna mé mórán. Bhí slaghdán orm agus d'fhan mé sa teach. Bhreathnaigh mé ar chluiche peile ar an teilifís.

Léiríonn caint Iarrthóra 3 thuas an fhorbairt agus an leathnú ar an ábhar atá ag teastáil sa scrúdú cainte ag Bonnleibhéal 2. Caithfidh iarrthóirí an deis a thapú an stór focal agus an t-eolas atá acu a léiriú do na scrúdaitheoirí.

- Tuigeann na scrúdaitheoirí go mbíonn iarrthóirí neirbhíseach sa scrúdú cainte agus bíonn siad breá sásta ceisteanna a chur an athuair sa chás nach dtuigeann an t-iarrthóir an cheist an chéad uair. Tá sé tábhachtach go mbeadh frásaí ar eolas ag an iarrthóir le cabhrú leis an chumarsáid idir é féin agus an scrúdaitheoir cainte. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as nathanna den chineál 'Ní thuigim an cheist sin', 'Ní thuigim an focal x', nó 'Ar mhiste leat é sin a rá arís, le do thoil?'.

- Maidir le Cuid 2 (an Rólghníomhaíocht) sa scrúdú cainte, tá sé riachtanach go dtuigfeadh na hiarrthóirí ***go mbeidh orthu féin ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir*** chomh maith le ceisteanna an scrúdaitheora a fhreagairt. Is minic gur sa chuid seo is laige a bhíonn na hiarrthóirí. Moltar d'iarrthóirí cúram faoi leith a dhéanamh de na foirmeacha ceisteacha sa Ghaeilge agus dianchleachtadh a dhéanamh orthu i dtascanna éagsúla sa seomra ranga.

- Go ginearálta bíonn claonadh ag iarrthóirí úsáid a bhaint as focal nó frása Béarla nuair nach féidir leo cuimhneamh ar leagan Gaeilge. Ní haon dochar mór é seo a dhéanamh uair nó dhó, ach caillfidh an t-iarrthóir marcanna má dhéanann sé/sí go rómhinic é agus go háirithe más focal nó frása atá ann atá leagtha síos i siollabas Bhonnleibhéal 2. I scrúdú na bliana 2009, mar shampla, bhain an-chuid iarrthóirí úsáid as an leagan Béarla *flexi-time* in ionad an leagain Ghaeilge 'uaireanta solúbtha' atá sa siollabas.

- Meabhraítear d'iarrthóirí gur cur síos simplí atá de dhíth i gCuid 3 (an tsraith pictiúr) den scrúdú cainte. Ba cheart d'iarrthóirí an nóiméad a fhaigheann siad a chaitheamh ag smaoineamh ar an scéal a léirítear sna pictiúir agus ar na príomhfhocail agus ar na príomhfhrásaí a bheidh in úsáid acu agus iad i mbun cainte.

- Bíonn claonadh ag iarrthóirí ag na leibhéil éagsúla go leor de na botúin chéanna a dhéanamh agus iad ag labhairt na teanga. Is chun dul i ngleic leis an fhadhb sin a chaithfear cabhrú le foghlaimeoirí na fadhbanna atá acu sa scríobh agus sa labhairt a aithint agus a cheartú. Mar a dúradh thuas, ní leor don teagascóir botúin a chur ar a súile d'fhoghlaimeoirí – caithfear na foghlaimeoirí a threorú chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a gcuid oibre féin. Seo thíos roinnt de na botúin ghramadaí is coitianta a dhéanann iarrthóirí sa scrúdú cainte:

(1) An uimhir iolra a úsáid tar éis ‘cúpla’ e.g. ‘Bhí mé féin agus cúpla cairde ann’ (…cúpla cara).

(2) Inscne na bhfocal. Ní bhítear ag súil go mbeidh inscne gach ainmfhocail ar eolas ag iarrthóirí ach táthar ag súil go mbeidh na cinn is coitianta ar eolas acu – iad sin atá leagtha síos i siollabais Bhonnleibhéal 1 agus Bhonnleibhéal 2 .

(3) Gan an aidiacht a bheith ag réiteach leis an ainmfhocal e.g. ‘rang mhór’ (rang mór).

(4) Bíonn cuid de na hiarrthóirí measctha idir uimhir iolra an ainmfhocail agus breischéim/sárchéim na haidiachta e.g. ‘Tá triúr cailíní óige agam’ (…cailíní óga…).

(5) Ceisteanna a fhreagairt go mícheart e.g. ‘Is ea’ nó ‘Tá’ a thabhairt mar fhreagra ar an cheist ‘An dtaitníonn do phost leat?’, in ionad ‘Taitníonn’ nó ‘Ní thaitníonn’ nó a leithéidí.

(6) An briathar ‘cónaigh’. ‘Tá mé i mo cónaí’, in ionad ‘Tá mé i mo chónaí’. Is deacair a rá, go minic, cé acu fadhb ghramadaí nó fadhb fhoghraíochta a bhíonn i gceist anseo. Gach seans gur fadhb ghramadaí atá ann mar go dtagann sé chun cinn sa scríobh chomh maith. Bíonn fadhb leanúnach ag iarrthóirí leis an aidiacht shealbhach ‘mo’. Is minic a fhágann siad an séimhiú ar lár i ndiaidh ‘mo’ e.g. ‘mo post’, ‘mo deirfiúr’ agus araile.

(7) Baintear úsáid mhícheart as na réamhfhocail e.g. ‘Téim ag snámh ar deireadh seachtaine’ (…ag an deireadh seachtaine) nó ‘Buailim Seán gach Déardaoin sa teach tábhairne’ (Buailim le Seán…).

(8) ‘San’ a úsáid in ionad ‘sa’ agus *vice versa* e.g. ‘Tá dúil agam san spórt’ (… sa spórt), nó ‘Tá sé sa óstán’ (… san óstán).

(9) An t-ainmfhocal mírialta ‘bliain’. Bíonn an-deacrachtaí ag iarrthóirí leis an ainmfhocal seo.

(10) Gan urú a chur i ndiaidh an réamhfhocail ‘i’. ‘Tá mé ag obair i garáiste’ (… i ngaráiste).

(11) Measctar na haimsirí uaireanta e.g. ‘An bhliain seo caite, pósfaidh mé’ (Phós mé an bhliain seo caite).

(12) Bíonn éiginnteacht ann faoi na foirmeacha ceisteacha. Chun go mbeidh iarrthóirí in ann an tasc rólghníomhaíochta i gCuid 2 a dhéanamh tá sé riachtanach go mbeidís in ann na buncheisteanna a chur e.g. ‘Cén áit…?’, ‘Cén t-ainm atá ar…?’, ‘Cén costas atá ar…?’ agus araile.

Moltaí ginearálta

- Moltar go láidir do mhúinteoirí agus d’iarrthóirí dianstaidéar a dhéanamh ar an scrúdú samplach agus ar na treoracha a thugtar in éineacht leis ar an suíomh Gréasáin http://www.teg.ie/gaeilge/paipeir_shamplacha.htm.

- Tá teacht anois chomh maith ar ábhar teagaisc samplach atá oiriúnach do mhúinteoirí a atá ag ullmhú iarrthóirí do Scrúdú Bhonnleibhéal 2. Tá teacht ar threoracha don

mhúinteoir agus fosta ar bhileoga oibre agus ar chomhaid fuaime ag http://www.teg.ie/gaeilge/teagasc.htm.

- Iarrtar ar mhúinteoirí agus ar iarrthóirí a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi aon cheann de scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge an t-eolas agus na moltaí a thugtar ar an suíomh Gréasáin a léamh go cúramach. Tá an t-eolas agus na moltaí le fáil ag na naisc ar an leathanach Gréasáin http://www.teg.ie/gaeilge/eolas_moltai.htm.

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad